

## **Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc**

### **Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta**

Dhréachtaigh an Bord Bainistíochta, an fhoireann agus ionadaithe na dtuismitheoirí an polasaí seo don chéad uair i rith na tréimhse ó Nollaig 2009 go hEanáir 2010.

An dréacht seo: Meán Fómhair 2020.

#### **Réasúnaíocht**

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc an tábhacht a bhaineann leis an reachtaíocht mar atá achtaithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Leagann an ráiteas sábháilteachta seo Polasaí Sábháilteachta Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc amach, agus an bealach le cuspóirí an pholasaí sin a chur i gcrích. Is í aidhm an Bhoird Bainistíochta í ná gach iarracht timpeallacht shlán oibre a chur ar fáil dár bhfostaithe agus dár ndaltaí, agus muid ag cloí leis an dualgas atá orainn i leith baill an phobail a ndéanann teagmháil linn.

Caithfear comhoibriú na bhfostaithe ar fad a fháil leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.

Tá sé ar intinn againn athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar an ráiteas seo, agus ár dtaithe leis, aon athrú sa riachtanas dlíthiúil, agus athruithe oibríochtúla anseo á gcur san áireamh againn. Déanfaidh an Bord Bainistíochta iniúchadh sábháilteachta in aghaidh na bliana a eagrú, agus tuairisc ina leith a chur os comhair na foirne. Cuirfear iniúchadh sábháilteachta i bhfeidhm níos minice ná seo má iarann an fhoireann nó an Bord Bainistíochta a leithéid. Déanfar gach taifead a bhaineann le timpiste nó drochshláinte a scrúdú ionas gur féidir na bearta sábháilteachta cuí a chur i bhfeidhm nuair is féidir, le cinntiú go mbeidh íoslaghdú ar mhinicíocht na dtimpistí nó an drochshláinte úd arís.

#### **GAOL LE HÉITEAS NA SCOILE:**

De réir éiteas na scoile seo againne, tugtar tús áite anseo d'fhorbairt phearsanta, mothúchánach agus sóisialta an dalta aonair. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shlán shábháilte a chur ar fáil dár mic léinn agus do phobal leathan na scoile. Tá sé seo níos tabhachtaí ná riamh le linn Phaindéim COVID-19. Féach Measúnú Riosca COVID-19 (leagan Béarla). Déanaimid gach iarracht cúnamh a chur ar fáil do dhaoine a mbíonn deacrachtaí áirithe acu.

Sínithe: \_\_\_\_\_

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

## **EOLAS SCOILE**

**Ainm na Scoile:** Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

Tugtar 'Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc' nó 'an scoil'  
uirthi tríd síos sa ráiteas sábháilteachta seo

**Seoladh Scoile:** Garrán na Fuinseoige, Ceatharlach.

Fón: 059 9131634

**Príomhoide:** Aingeal Uí Dhálaigh

**Príomhoide Ionaid:** Treasa Uí Néill

**Príomhoidí Cúnta:** Majella Ní Riain, Móna Ní Liatháin

**Oifigigh Dhóiteáin:** Treasa Uí Néill, Móna Ní Liatháin

**Ionadaí Sábháilteachta (foireann):** Art Ó Grifín

**Ionadaí Sábháilteachta (BB):** Mícheál Mac Eochaidh

**Pearsanra Garchabhrach:** Gach ball foirne

Is éard atá i ráiteas sábháilteachta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná clár scríofa le sláinte, sábháilteacht agus leas na bhfostaithe, na mac léinn, na gcuariteoirí chun na scoile, na gconraitheoirí, agus leas duine ar bith eile a dhéanadh teagmháil linn i ngnáthchúrsaí oibre an lae ar scoil a chinntiú. Cuirfear an ráiteas seo ar fáil do na fostaithe, do dhaoine ón taobh amuigh a chuireann seirbhísí ar fáil dúinn, agus do chigirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta de réir mar a éilítear é.

## **Ráiteas Polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair.**

1.1 Is iad baill Bhoird Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná:

**Cathaoirleach:** Maria Mhic Dhiarmada

**Rúnaí an Bhoird:** Aingeal Uí Dhálaigh

**Rúnaí Taifead:** Jill Mhic RoibeairdC

**Cisteoir:** Caitlín Mhic Cárthaigh

### **Baill Bhoird Eile:**

An tAthair Conn Ó Maoldomhnaigh

Mícheál Mac Eochaidh

Caoimhe Uí Fhearaíl

Máire Mhic an Fhailí

1.2 Déanfaidh an Bord Bainistíochta deimhin de go gcuirtear an caighdeán is airde sábháilteachta i bhfeidhm ar scoil chomh fada agus is féidir, agus mar íosmhéid, go mbeidh forálacha ‘An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005’ á chur i gcrích.

1.3 Déanfaidh an Bord Bainistíochta chomh fada agus is féidir go praiticiúil:

(a) Gach áit ar áitreabh na scoile a dhearadh, a sholáthar agus a chothabháil, ar bhealach a chinnteoidh sláinte agus sábháilteacht chách.

(b) Bealaí a dhearadh, a sholáthar agus a chothabháil ionas go mbeidh teacht agus imeacht slán ann d’áiteanna oibre.

(c) Bealaí a dhearadh agus a sholáthar ionas go ndéanfar cothabháil ar innealra agus ar ghléasra.

(d) Modhanna pleanáilte, eagraithe oibre a chur ar fáil agus a chothabháil le go ndéanfaí an obair ar bhealach nach gcuirfidh isteach ar shláinte.

(e) Traenáil a thabhairt don fhoireann maidir leis an mbealach ceart le dalta a ardú, agus déileáil le hiompraíocht dhúshlánach ó mhac léinn ar bith.

(f) An t-eolas, an traenáil, an teagasc, agus an mhaoirseacht a bheadh á lorg ag na fostaithe le go mbeidís ag feidhmiú go slán sábháilte, a chur ar fáil dóibh.

- (g) Éadach oiriúnach cosanta nó a leithéid a chur ar fáil do na fostaithe nuair is gá é, le go mbeidís ag feidhmiú go slán sábháilte.
- (h) Pleananna a chur le chéile agus a choimeád suas chun dáta a chuirfí i bhfeidhm i gcás éigeandála, m.sh. timpistí, gortaithe, druil dóiteáin, agus araile.
- (i) Deimhin a dhéanamh de nach mbeadh baol don tsláinte ann ar scoil de bharr ábhar nó earra áirithe bheith in úsáid.
- (j) Áiseanna agus socruithe a sholáthar agus a chothabháil le go ndéanfaí leas na bhfostaithe a chinntiú agus iad ag obair.
- (k) Nuair is gá é a dhéanamh, caithfear duine oilte a fhostú le seirbhísí a chur ar fáil a chinnteodh sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe san áit oibre.
- (l) An *Ráiteas Sábháilteachta* a thabhairt suas chun dáta go rialta.
- (m) Socraithe a dhéanamh go rachfaí i gcomhairle leis na fostaithe maidir le cúrsaí sábháilteachta agus sláinte.
- (n) Socraithe a dhéanamh le go roghnódh na fostaithe ionadaí sábháilteachta.

1.4 Aithníonn an Bord Bainistíochta go gclúdaíonn an dualgas dlíthiúil atá ar an scoil, na fostaithe, na mic léinn, an pobal i gcoitinne agus duine ar bith atá ag déanamh gnó dlisteanach linn.

1.5 Geallann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc go bhféachfar chuige go gcuirtear forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 i bhfeidhm go daingean ar scoil.

1.6 Is féidir go gcuirfear Coiste Sábháilteachta ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm pholasaithe sábháilteachta agus sláinte Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

## **Ráiteas Dualgas**

## **Príomhoide na Scoile**

- Tá na dualgais sábháilteachta seo leanas ar Phríomhoide na scoile:
- Acmhainní oiriúnacha ó thaobh airgeadais de, ó thaobh ama agus ó thaobh acmhainní daonna de a chur ar fáil, a chinnteoidh go ndéanfar Ráiteas Sábháilteachta na scoile a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- A dheimhniú go dtuigeann foireann na scoile an dliteanas atá orthu de réir an Ráitis Sábháilteachta agus go dtugtar an t-eolas, an traenáil agus an mhaoirseacht oiriúnach dóibh le go bhfeidhmeoidís ar bhealach slán agus iad ag obair.
- Insealbhú sábháilteachta a chur ar fáil d'fhostaithe nua nuair a thosaíonn siad ag obair ar scoil den chéad uair.
- A dheimhniú go mbíonn bainistíocht riosca á chur i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht scoile agus go mbunaítear nósanna slán oibre le haghaidh tascanna agus trealamh áirithe, agus go leantar na nósanna seo.
- A dheimhniú go mbíonn cigireacht sábháilteachta agus sláinte rialta ann ar scoil agus go gcuirtear torthaí na cigireachta ar fáil do Bhord na scoile más oiriúnach.
- A dheimhniú go mbíonn gach gléasra agus trealamh scoile ag obair i gceart, agus go slán, go gcoimeádtar mar sin iad, go ndéantar tástáil rialta orthu, agus go gcoimeádtar taifid den tástáil sin.
- Go ndéantar riachtanais traenála a mheas in aghaidh na bliana a d'aithneodh an gá a bheadh ann le riachtanais sábháilteachta agus sláinte a aithint, le clár thraenála a eagrú, agus le deimhniú go gcoimeádtar taifid den traenáil sin.
- A dheimhniú go gcuirtear áiseanna oiriúnacha leithris agus ceaintín ar fáil don fhoireann agus do na daltaí, agus a dheimhniú go mbíonn na seirbhísí foirne scoite ó na seirbhísí do na mic léinn.
- Córais choiscthe dóiteán agus práinfhreagairt a bhunú agus a chothabháil ar scoil, agus a dheimhniú go mbíonn traenáil ar an fhoireann maidir le dóiteán a chosc agus le bearta práinfhreagairt a chur ar fáil.
- Bheith ar an eolas faoi eachtra shábháilteachta nó sláinte ar bith, timpistí nó tarluithe baolacha a tharlódh ar scoil, imscrúdú a dhéanamh ar thimpistí i gcomhar le múinteoirí, agus beartaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm más gá.
- An clár tuairisce timpistí scoile a choinneáil, agus timpistí nó tarluithe baolacha a thuairisciú don Údarás Sábháilteachta (H.S.A.) agus don Roinn Oideachais agus Scileanna de réir mar a oireann.

## **Príomhoide Ionaid**

Bíonn na dualgais mar a leagtar síos anseo ar an bpríomhoide ionaid. Chomh maith leo san, beidh an príomhoide ionaid ag feidhmiú thar cheann an phríomhoide má bhíonn sé/sí as láthair, agus glacfar leis na dualgais a bhíonn ar an bpríomhoide maidir le sábháilteacht agus sláinte, de réir mar a dtugtar sa ráiteas sábháilteachta seo.

Is iad dualgais sábháilteachta agus sláinte an Phríomhoide Ionaid ná:

- Cabhrú leis an bpríomhoide ráiteas sábháilteachta na scoile a chur i bhfeidhm agus a riaradh.
- Insealbhú sábháilteachta a chur ar fáil d'fhostaithe nua nuair a thosaíonn siad ag obair ar scoil den chéad uair.
- Cabhrú leis an bpríomhoide a chinntiú go mbíonn bainistíocht riosca á chur i bhfeidhm ar aon ghníomhaíocht scoile agus a dheimhniú go mbíonn córais slán oibre i bhfeidhm le haghaidh trealamh agus tascanna áirithe.
- Clár dóiteán na scoile a choimeád, é bheith suas chun dáta, agus ar fáil do na daoine seo leanas aon uair a lorgaítear é: Seirbhísí Dóiteán, an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte, an Roinn Eolaíochta agus Scileanna, nó comhairleach neamhspleách shábháilteachta agus sláinte.
- Tacaíocht a thabhairt d'ionadaithe sábháilteachta, tofa nó roghnaithe, agus iad ag tabhairt aire do na dualgais atá orthu i dtaobh sláinte de.

### **Dualgais na bPríomhoidí Cúnta**

- Is iad dualgais an phríomhoide cúnta ná:
- Bainistíocht in aghaidh an lae a dhéanamh ar an tsábháilteacht agus sláinte de réir pholasaí agus de réir rialacha agus nósanna imeachta ráiteas sábháilteachta agus sláinte na scoile.
- Cur chuige eiseamláireach a léiriú i gcónaí i dtaobh sábháilteachta agus sláinte ar scoil, le go spreagfaí tiomantas iomlán don tsábháilteacht agus do shláinte i measc daltaí.

### **Dualgais ar Mhúinteoirí**

Déanfaidh na múinteoirí deimhin de go ndéantar cúram de chúrsaí sábháilteachta agus sláinte in aon ghníomhaíocht nó bealach oibre a mbíonn idir lámha. Chomh maith leis na dualgais atá orthu faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 mar fhostaithe, bíonn na dualgais seo leanas orthu chomh maith:

- Bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí sábháilteachta agus sláinte sa seomra ranga agus in aon ghníomhaíocht scoile a ndéantar leis na daltaí, de réir pholasaí sábháilteachta agus sláinte na scoile, agus de réir na nósanna imeachta agus na rialacha.
- Eolas faoi chúrsaí ábhartha sábháilteachta agus sláinte a thabhairt dóibh, agus rialacha sábháilteachta a chur in iúl do dhaltaí maidir le himeachtaí ranga a mbeadh ardriosca nó meánriosca ag baint leo.
- Teagasc ceart oiriúnach a thabhairt agus maoirsiú a dhéanamh ar dhaltaí le linn gníomhaíochtaí ranga.
- Amharciniúchadh a dhéanamh sna seomraí ranga/ionaid oibre in aghaidh an lae le deimhniú go mbíonn siad slán, agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm mura mbíonn.
- Amharciniúchadh a dhéanamh ar threalamh sula n-úsáidtear é le deimhniú gur

féidir é a úsáid go slán, agus bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm mura mbíonn.

- Deimhin a dhéanamh de go n-úsáidtear trealamh cosanta ceart nuair is gá, agus go mbíonn traenáil cheart ag na daltaí nuair is gá a leithéid a chaitheamh, agus é a chaitheamh go slán.
- Páirt a ghlacadh i scrúduithe, agus i gcruinnithe an choiste sábháilteachta agus sláinte, más oiriúnach a leithéid a dhéanamh.
- Caithfear aon deacracht faoi shábháilteacht agus sláinte nach féidir a leigheas in situ a chur in iúl don phríomhoide.
- Tuairisc a chur ar fáil láithreach don phríomhoide maidir le timpistí, nó eachtraí baolacha a tharlódh sa seomra ranga.
- Dea-shampla a thabhairt maidir leis na rialacha sábháilteachta a leanúint sa seomra ranga.

### **Conraitheoirí, Fochonraitheoirí, Daoine Féinfhostaithe**

Tá na dualgais seo leanas ar chonraitheoirí, fochonraitheoirí, daoine féinfhostaithe fhostaítear ar scoil chun cothabháil, athnuachan, deisiú nó uasghrádú a dhéanamh ar áitreabh na scoile, a fhad is a bhíonn siad ag obair anseo:

- Fianaise a thabhairt maidir le dualgais a gcuid fostóirí, agus mar gheall ar árachas dliteanas poiblí agus an ráiteas sábháilteachta a thaispeáint, nuair a lorgaíonn príomhoide na scoile a leithéidí.
- Sula gcuirtear chun oibre ar scoil, caithfidh príomhoide na scoile cóipeanna inniúlachta ábhartha a fháil maidir le hobair ar bith a bheadh idir lámha acu.
- Próiseas nó ábhar baolach ar bith a chuirfeadh isteach ar shábháilteacht nó ar shláinte na n-oibrithe, nó ar phobal leathan na scoile le linn oibre, a chur in iúl don phríomhoide.
- Cloí le riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus an reachtaíocht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2006, chomh maith le riachtanais an ráitis sábháilteachta seo.
- Comhoibriú leis an scoil maidir le háit slán oibre a chur ar fáil d'fhostaithe agus do dhaltaí agus córas slán oibre a chur i bhfeidhm don fhoireann agus do na daltaí nuair a bhíonn cothabháil, athnuachan, deisiú nó uasghrádú á dhéanamh ar áitreabh na scoile.
- Maoirseacht a dhéanamh ar a gcuid fostaithe féin i gcónaí agus iad ag obair ar scoil, le deimhniú go mbítear ag obair ar bhealach slán, agus iompar agus caint oiriúnach bheith le sonrú i dteannta foireann agus daltaí na scoile.
- Cloí le rialacha na Roinne Oideachais Eolaíochta agus Scileanna agus le 'Rialacha Sábháilteachta na Scoile do Chonraitheoirí'.
- Tuairisc a chur ar fáil láithreach gan mhoill don phríomhoide maidir le timpistí, nó eachtraí ina mbeadh locht ar ghléasra nó ar threalamh a tharlódh ar an láthair oibre, nó a bhainfeadh le córas oibre, nó mura mbíonn an príomhoide ar fáil é a rá leis an bpríomhoide ionaid.

### **Ionadaí Sábháilteachta**

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, tá cead ag fostaithe ionadaí sábháilteachta a roghnú ag an ionad oibre (Art Ó Grifín i gcás ár scoile). Is é ról an ionadaí sábháilteachta seo ná páirt na bhfostaithe a ghlacadh ag an ionad oibre agus dul i gcomhairle leis an bhfostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leas na n-oibrithe.

Déanfaidh an t-ionadaí é seo:

- Traenáil oiriúnach sábháilteachta agus sláinte le cur ar a c(h)umas an ról mar ionadaí sábháilteachta a chur i gcrích gan é nó í bheith thíos leis.
- Labhairt leis an mBB thar cheann na foirne maidir le gné ar bith sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre.
- Tar éis a shocrú leis an bpríomhoide, scrúduithe sábháilteachta scoile a dhéanamh agus athbhreithniú ar eolas sábháilteachta.
- Scrúdú a dhéanamh ar an scoil ina iomláine, nó ar chuid de, i ndiaidh timpiste, eachtra bhaolach nó i gcás go mbeadh dainséar ann don tsábháilteacht, do leas nó do shláinte dhuine ar bith, agus daltaí san áireamh, a fhad is nach gcuireann an scrúdú seo isteach ar dhaoine eile an dualgas reachtúil atá orthu de réir na ndlíthe ábhartha bheith á gcur i gcrích acu.
- Na dualgais atá ann faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chur i bhfeidhm gan chlaonadh, i gcomhar le bainistíocht na scoile. Dea-nósanna oibre a chur chun cinn ar scoil, agus dea-shampla a thabhairt maidir le féachaint chuige go gcloifí leis na rialacha sábháilteachta.
- Tar éis fógra oiriúnach a thabhairt don phríomhoide, iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le sábháilteacht, sláinte nó leas na n-oibrithe, thar cheann fostaí a bheadh faoi chúram acu.
- Bheith i dteannta chigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanfadh cigireacht ar scoil, ach amháin i gcás cigireachta a bhainfeadh le himscrúdú tar éis timpiste nó tar éis eachtra chontúirteach.

## **Comhairliúchán agus Eolas**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc:

- Dul i gcomhairle leis an fhoireann maidir le ceapadh agus le cur i bhfeidhm an Ráitis Sábháilteachta agus Sláinte, agus na bealaí rialúcháin ghuaise.
- Cóip den *Ráiteas Sábháilteachta* a bhronnadh ar bhaill foirne agus ar bhaill nua
- Go gcuirfí aon eolas nó treoir maidir le sábháilteacht, sláinte nó leas oibrithe san ionad oibre nach bhfuil sa cháipéis seo ar aghaidh chuig an fhoireann de réir mar a fhaightear é.
- Go mbeidh áit lárnach ann don tsábháilteacht agus do shláinte agus leas foirne in aon traenáil foirne nó in aon phlean forbartha a chuirtear le chéile.

## **Sábháilteacht Ghinearálta, Forálacha Sláinte agus Leasa**



## **Monatóireacht ar Shláinte agus ar Shábháilteacht:**

Tá bainistíocht na scoile tiomanta i dtaobh athbhreithniú rialta bheith á dhéanamh faoin ngá a bheadh ann bearta sábháilteachta breise a chur i bhfeidhm maidir le trealamh nó le gníomhaíochtaí, le nósanna slán oibre i dtaobh trealaimh, agus i dtaobh traenáil bhreise sábháilteachta a chur ar fáil d'fhostaithe le go bhféadfaidís a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach slán gan aon bhaol dóibh, gan bhaol do dhaltaí, d'oibríthe eile nó do phearsanra eile a bheadh ar cuairt nó ar áitreabh na scoile.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcóras sábháilteachta agus sláinte de réir mar a leagtar amach anseo:

Féachfaidh an príomhoide chuige go ndéantar athbhreithniú in aghaidh na bliana ar an Ráiteas sábháilteachta agus ar mheastacháin rioscaí ar bith a bhainfeadh leis, de réir na n-athruithe sa reachtaíocht agus athbhreithniú ar na próisis oibre, ar threalamh nua, nó ar thimpiste nó tarlú baolach ar bith ar scoil. Bainfidh an t-athbhreithniú seo le héifeacht chur i bhfeidhm an ráitis, agus beifear ag iarraidh feabhas leanúnach chur ar an tsábháilteacht i ngach aon ghné d'imeachtaí na scoile.

## **Comhoibriú, Comhairliúchán agus Cumarsáid ar Scoil**

Déanfaidh bainistíocht na scoile gach iarracht comhoibriú, cumarsáid agus comhairliúchán faoi chúrsaí sábháilteachta agus sláinte a spreagadh i measc na foirne.

Beidh an comhairliúchán agus an chumarsáid ag tarlú leis an fhoireann trí:

- Comhairliúchán idir bhainistíocht, foireann agus ionadaí tofa sábháilteachta.
- An príomhoide, an príomhoide ionaid, na príomhoidí cunta agus an fhoireann bheith i gcomhrá lena chéile go laethúil.
- Cruinnithe foirmiúla foirne agus cúrsaí sábháilteachta mar mhír ar an gclár gnó.

## **Comhoibriú**

Ba mhaith leis an mbainistíocht go mbeadh comhoibriú ann i gcónaí le pobal na scoile maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

De réir dlí caithfidh an fhoireann locht ar bith a aithnítear a thuairisciú gan mhoill, ionas gur féidir bearta cheartúcháin a chur i bhfeidhm. Ba cheart na lochtanna seo a chur in iúl don fheighlí, don phríomhoide, nó don ionadaí sábháilteachta.

Ba cheart moltaí faoi fheabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta agus sláinte a chur in iúl don fheighlí, don phríomhoide, nó don ionadaí sábháilteachta, de réir riachtanais.

## **Comhairliúchán**

Is é Mícheál Mac Eochaidh an tOifigeach Sábháilteachta, agus tá freagracht uirthi chomh maith mar ionadaí na dtuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta.

Níl cúrsa aitheanta traenála ar bith déanta ag Mícheál go fóill a chabhródh léi na dualgais atá uirthi mar oifigeach sábháilteachta oifigiúil na scoile a chur i gcrích. Tugann an Bord Bainistíochta agus bainistíocht na scoile tacaíocht iomlán do Mhícheál ina cuid oibre.

Tá cead ag an fhoireann labhairt le Mícheál ag am ar bith má bhíonn buairt orthu faoi shábháilteacht nó faoi shláinte an ionaid oibre. Déanfaidh Mícheál gach tagairt sábháilteachta agus sláinte dá leithéid a thairfead agus rachaidh sí i gcomhairle leis an bpríomhoide le go ndéanfaí iad a shocrú.

Rachaidh an príomhoide i gcomhairle leis an fhoireann ar fad maidir le rud ar bith a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcuid sábháilteachta agus sláinte féin, nó ar shábháilteacht agus sláinte na ndaltaí. Déanfar a leithéid go neamhfhoirmiúil i rith an lae agus go foirmiúil ag cruinnithe foirmiúla foirne nuair a bheadh an tsábháilteacht ar an gclár gnó.

### **Cumarsáid**

Moltar don fhoireann a gcuid tuairimí/gearáin faoi shábháilteacht agus sláinte nó moltaí feabhais a chur in iúl don ionadaí tofa sábháilteachta, agus/nó cuirfear am i leataobh ag na cruinnithe foirmiúla sábháilteachta le go ndéanfaí ábhar dá leithéid a lua agus a phlé go hoscailte.

Beidh an tsábháilteacht ar an gclár gnó den chéad chruinniú foirne na bliana. Tapóidh an príomhoide an deis ag an gcruinniú athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna slán oibre agus meastachán rioscaí, agus scaipfear eolas faoi shábháilteacht agus sláinte ar scoil.

### **Guaiseacha**

Déanfaidh an t-oifigeach sábháilteachta ón mBord Bainistíochta, i gcomhar leis an ionadaí foirne sábháilteachta, foirmeacha rialúcháin guaise a líonadh. Is féidir guaiseacha áitithe a rialú, bíonn baol leanúnach ó ghuaiseacha eile. Déanfar déileáil go práinneach le guais ar bith nach bhféadfaí í a rialú nó a íoslaghdú. Mura féidir déileáil leo déanfar iad a mharcáil agus a aithint go soiléir agus cuirfear bearta oiriúnacha i bhfeidhm orthu mar a léirítear thíos. Déanfaidh an Bord Bainistíochta, i gcomhairle leis na fostaithe, athbhreithniú ar chásanna agus moltaí a chur ar aghaidh faoi dhíothú guaiseacha.

Féach ar an míneolas faoi ghuaiseacha a aithint agus meastachán rioscaí in Aguisín 1

### **Guaiseacha ar Leith**

#### **Dóiteáin**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc go mbeadh:

- Soláthar oiriúnach múchtóirí dóiteán ann le freastal ar shaghas ar bith dóiteáin
- Gach trealamh dóiteán ainmnithe agus seirbhísithe go rialta
- Druileanna dóiteáin ag tarlú go rialta, uair sa ráithe ar a laghad
- Traenáil múchtóirí dóiteán ann i gcás ábhar/trealamh sainiúil
- Gach aláram dóiteáin marcáilte go soiléir
- Gach fógra sofheicthe le deimhniú go bhfeiceann cuairteoirí na bealaí éalaithe

- Gach trealamh leictreach múchta taobh amuigh d’uairanta oibre agus mura mbíonn seomraí in úsáid ar feadh thréimhsí, de réir mar a oireann
- Ionaid tionól ainmnithe taobh amuigh den fhoirgneamh
- Daltaí/feighlí/ glantóirí atá ag teacht/imeacht ar scoil ag líonadh an leabhair ‘isteach/amach’ ag an oifig de réir mar a oireann dóibh
- Na bealaí éalaithe marcáilte go soiléir.
- Daoine ainmnithe ann le dualgas orthu druileanna dóiteáin agus córas aslonnaithe a eagrú.
- Rinne Oifigeach Dóiteáin an scoil agus an trealamh a sheiceáil, agus cuireadh gach moladh a fuarthas uaidh/uaithi i bhfeidhm chomh fada agus is féidir go praiticiúil.

## **Guaiseacha Leantacha**

### **Innealra, Trealamh Cistine agus Earraí Leictreacha**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc nach n-úsáidfeadh ach daoine oilte údaraithe an t-innealra, trealamh cistine agus earraí leictreacha. Déanfar gach earra agus trealamh den sórt seo a sheiceáil agus a sheirbhísiú go rialta.

### **Ceimicí**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc go gcoimeádfaí gach ábhar ceimiceach, glantaigh agus araile, faoi ghlas in áit ar leith, agus go mbeadh lipéad aitheantais ar gach aon ghabhdán acu, le teoracha soiléire agus rabhadh orthu maidir lena n-úsáid, agus go gcuirfí cosaint ar dhaoine a bheadh á láimhseáil.

### **Leigheas/Drugaí**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc go gcoimeádfaí gach leigheas, druga agus araile i gcófra san oifig, ionas nach bhféadfadh duine ar bith seachas ball foirne teacht orthu.

Féach polasaí na scoile i dtaobh Dháileadh Leigheas.

### **Urláir Ardshnasta**

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc nach gcuirfí snas ard ar urláir, ar eagla go mbeadh baol sleamhnú orthu, nó snasán neamhsciorrach a úsáid.

Déanfar na hurláir a ní tar éis amanna scoile le deimhniú, chomh fada agus is féidir go praiticiúil, nach mbeadh baol sleamhnaithe ann. Chuige seo, cuirfear fógraí rabhaidh faoi urláir a bheith fliuch ar taispeánt.

### **Cód Iompraíochta**

Leagann c6d iompra6ochta na scoile s6os nach gcuirfeadh iompar ar bith anseo isteach ar sh6abh6ailteacht phearsanta na bhfostaithe, agus nach gcuirf6i strus orthu.

### **Caithfear cead labhartha le fostaithe a fh6ail uathu**

M6a bhraitheann fosta6a6i go bhfuil dains6ear ann d6o n6o di, n6o go bhfuil s6e/s6i i mbaol 6o dhuine 6airithe at6a ar 6aitreabh na scoile, caithfear 6e seo a chur in i6ul don Bhord Bainist6ochta. D6eanfaidh an Bord Bainist6ochta na socruithe cu6i le cinnti6u go nd6eanfar gach beart oiri6unach leis an bhfosta6a6a a chosaint.

### **Pearsanra Oilte sa Gharchabhair**

Is 6e polasa6a Bhord Bainist6ochta Ghaelscoil Eoghain U6i Thuairisc: -

Go mbeidh traen6ail ar fhostaithe faoi conas garchabhair a chur ar f6ail d'fhosta6a6a eile.

Cuirtear gach leigheas agus trealamh is g6a chuige ar f6ail le freastal ar imeachta6a garchabhair.

Beidh sol6athar oiri6unach Bhosca6a Garchabhair L6anfheistithe ar f6ail don fhoireann i gc6ona6a agus istigh iontu beidh:

- Greiml6in6i Elastoplast
- Wasp Eze
- T6eip
- Bindeal6an Chad6ais
- Ciars6uir antaiseipteacha
- Sios6uir
- Cairt Gharchabhrach

Caithfear l6amhainn6i aon uaire i gc6ona6a nuair a bh6onn garchabhair 6a chur ar dhuine.

Beidh uisce te agus gall6unach ar f6ail le h6us6aid roimh agus i ndiaidh na garchabhrach.

**Eile**

Nuair a bhíonn daoine á ainmniú le freastal ar an mBord Bainistíochta ag an gCaomhnóir agus nuair a bhíonn toghcháin ar siúl le hionadaithe na dtuismitheoirí a roghnú chomh maith, iarrtar orthu cuimhneamh ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus duine amháin ar a laghad, le scileanna sa réimse sin a chur ar an mBord Bainistíochta.

Caithfidh gach aon duine a thagann ar láthair na scoile é nó í féin a chur in aithne go soiléir don duine a osclaíonn an doras rompu, sula dtabharfar cead isteach ar scoil dóibh. Caithfidh gach aon chonraitheoir teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an bPríomhoide, nó an Príomhoide Ionaid, sula gcuirtear tús le hobair ar bith ar áitreabh na scoile. Cuirtear comharthaí aitheantais ar fáil ó oifig na scoile nuair is gá a leithéidí.

Is é polasaí Bhord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc é go ndéanfaí laghdú ar thruailliú ó thorann anseo – ó sheomra go seomra, ón chlós go dtí an seomra ranga, ón seomra ranga go dtí an clós agus araile. Má bhítear ag obair le druilirí nó le gairis thorannacha eile i dtimpeallacht na scoile, beidh ar na hoibrithe cluasáin chosanta a chaitheamh. Má bhíonn bagairt in aghaidh na sláinte nó na sábháilteachta i gceist maidir leis an obair seo, dúnfar an scoil, nó déanfar an obair taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Caithfear gach ábhar inlasta, nimhiúil nó creimneach bheith faoi ghlas sa seomra/cófra stórais a chuirtear ar fáil. Caithfidh lipéad soiléir cruinn bheith ar gach ábhar dá leithéidí i gcónaí.

Má chláraítear páistí ar scoil, agus go mbíonn gá ann lena n-ardú, caithfear seirbhísí tacaíochta oiriúnacha a chur ar fáil, agus socraithe agus traenáil curtha i bhfeidhm faoin mbealach is fearr leis na páistí a ardú, agus gan brú ná strus a bheith ar bhaill fhoirne.

Cuirfear socruithe i bhfeidhm a chosnódh an fhoireann ó pháistí foréigneacha nó páistí suaithmheonacha.